# Eleathanach 414

Dé Luain, an 30 Bealtaine 2022

### Scéal deas ó Zú San Diego

Is sioráf í Msituni agus rugadh í ar an 1 Feabhra 2022 i Zú San Diego. Bhí coimeádaithe an zú an-bhuartha nuair a rugadh í. Bhí fadhbanna aici lena cosa tosaigh. Bhí a cosa lúbtha an bealach mícheart. Ní raibh sí in ann seasamh nó siúl i gceart.

Chuir siad teanntáin ar chosa an tsioráif chun tacaíocht a thabhairt di ag siúl. Chomh maith le siúl, anois tá sí in ann súgradh leis na sioráif eile sa zú.

Cheap daoine nach mbeidh sé in ann maireachtáil, ach anois tá Msituni ag dul ó neart go neart. Is iontach an rud é go bhfuair sí na teanntáin speisialta seo dá cosa.



Tá teanntáin ar a cosa.







### An Phríomhshraith: críoch dhrámatúil!

Tá an Phríomhshraith Shacair thart don bhliain. Tharla go leor rudaí drámatúla ar an lá deireanach. Bhuaigh Manchester City an tsraith. Bhí an comórtas an-chóngarach idir iad féin agus Liverpool sna seachtainí deireanacha den tsraith.

Don naoú huair riamh, bhí gach rud ag brath ar na cluichí ar an lá deireanach. Bhí Manchester City ag imirt i gcoinne Aston Villa agus sa chéad leath fuair Villa dhá chúl. Ag an am céanna bhí Liverpool ag imirt i gcoinne Wolves agus ag leath-am bhí siad ar comhscór: 1-1.

Sa dara leath scóráil Manchester City trí chúl laistigh de 5 nóiméad agus thuig an lucht féachana in Anfield nach mbeadh Liverpool ag barr na sraithe i mbliana.

Is é seo an ceathrú huair gur bhuaigh Manchester City an tsraith le cúig bliana anuas. Bhí na mílte ar shráideanna na cathrach nuair a thaistil an fhoireann tríd ar bhus leis an gcorn.

### Justin Bieber ag canadh arís!

Beidh Justin Bieber ag dul ar camchuairt ar fud an domhain agus bhí áthas an domhain ar a lucht leanúna nuair a chuala siad go mbeidh sé ag teacht go hÉirinn. Beidh ceolchoirm aige sa 3Arena i mí Feabhra 2023. Tugann daoine *Beliebers* mar ainm ar lucht leanúna Justin Bieber!

Beidh Bieber ag dul go 30 tír mar chuid den chamchuairt. Bhí an chéad cheolchoirm ar siúl i Meicsiceo ar an 22 Bealtaine agus beidh an cheolchoirm dheireanach sa Pholainn ar an 25 Márta 2023.

Tá a leantóirí ag tnúth go mór leis, mar chuir Covid 19 stop le Bieber ag seinm in 2020. An uair dheireanach a bhí sé anseo, sheinn sé san RDS agus bhain gach duine sult mór as. Beidh na *Beliebers* go léir ag iarraidh ticéad don cheolchoirm!







Ollscoil Mhá Nuad
Roinn Froebel don Bhun- agus Luath-Oideachas, Ollscoil Mhá Nuad,
Coláiste Mhuire, BÁC 7
An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta